



# An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

## Preas Ráiteas Press Statement

### Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2014

Tá Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2014 (nasc) á fhoilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Sa bhliainiris tugtar léargas cuimsitheach ar Éirinn an lae inniu. Tugtar eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan ábhar. Is i bhformáid leictreonach amháin a chuirtear an bhliainiris ar fáil den chéad uair i mbliana. Tá súil againn go mbeidh sí níos idirghníomhaí dá bharr agus go dtabharfaidh sí teacht níos fearr ar bhreis sonraí níos mionsonraithe nuair a bhíonn gá leis. Ba mhaith leis an bPríomh-Oifig Staidrimh buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chabhraigh chun sonraí don Bhliainiris a sholáthar.

#### Daoine

- ◆ Ba ionann líon na bpóstaí a rinneadh trí shearmanas sibhialta agus 29.5% den 20,680 pósadh a cláraíodh in 2013.
- ◆ Cláraíodh 68,930 breith in 2013. Laghdú 3,295 ab ea é seo i gcomparáid le 72,225 breith a cláraíodh in 2012. Bhí 37% de na breitheanna seo ag máithreacha a bhí idir 30-34 bliana d'aois.
- ◆ Ba iad na hainmneacha linbh is minice a roghnaíodh ná Jack agus Emily. Tá an dá ainm seo ar bharr an liosta le trí bliana anuas ach tá Jack sa chéad áit ó 2007.
- ◆ Mhéadaigh ar líon na ndaoine fostaithe ó 1.836 milliún in 2012 go 1.870 milliún in 2013.
- ◆ Ba é 300,700 líon na ndaoine difhostaithe in 2013 i gcomparáid le 323,000 in 2012. Laghdú 6.9% é seo.

#### Sochaí

- ◆ Rinneadh 295.6 teagmhais ionsaí agus 612.9 buirgléireacht in aghaidh 100,000 duine den daonra a thaifeadh in 2012. Ba é 65.2% an ráta braite stáit maidir le hionsaí.
- ◆ Ba cánacha chomhshaoil iad 8.4% d'ioncam cánach iomlán na hÉireann in 2012. Ba cánacha fuinnimh ábhairín níos mó ná €2.5 billiún den mhéid seo.
- ◆ Ba lóistín saoire agus socruithe taistil eile 54% de gach rud a ceannaíodh ar líne in 2013. Is ar líne a cheannaigh 33% de dhaoine in aois 16-29 mbliana ticéid d'imeachtaí i gcomparáid le 9% de dhaoine san aoisghrúpa 60-74 bliana.
- ◆ Ba é €776.26 an t-ioncam indiúscartha teaghlaigh in 2012. Laghdú 3.1% é seo i gcomparáid le luach na bliana 2011. Sa bhliain 2008 a bhí an t-ioncam indiúscartha teaghlaigh is mó againn, is é sin, €939.89. Tháinig laghdú 17.4% air idir 2008 agus 2012.

#### Gnó

- ◆ In 2013 dúirt 46% d'fhiontair gur bhain siad úsáid as líonraí sóisialta ar nós Facebook chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí.

.../more



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 4984000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555



information@csso.ie  
www.csso.ie

- ◆ Laghdaíodh ar mhéadúlacht táirgeachta tionscail de 1.3% in 2013 ach tháinig laghdú 14.6% ar tháirgí Ríomhaire, leictreonacha agus optúla. Thar an tréimhse ó 2009-2013 tháinig méadú 4.9% ar mhéadúlacht táirgeachta tionscail ach tháinig méadú 16% ar an tionscal ceimiceach, táirgí ceimiceacha agus snáithíní de dhéantús an duine.
- ◆ Tháinig méadú 11.3% ar tháirgeacht i dtógáil agus foirgníocht san iomlán in 2013 i gcomparáid le 2012. Tháinig méadú bliantúil 11.4% ar líon na dtithe ar tugadh ceadúnas pleanála dóibh in 2013.

### **Eacnamaíocht**

- ◆ Bhí easnamh €9,967 milliún (5.7% den OTI) ag an Rialtas Ginearálta in 2013. Feabhsú é seo i gcomparáid le luach na bliana 2012 - €13,901 milliún (8% den OTI). Mhéadaigh ar ioncam Rialtais ó €56,653 milliún in 2009 go €60,837 milliún in 2013. Is mar thoradh ar cháin agus ranníocaíochtaí méadaithe go mór mór a tháinig an méadú seo ar an ioncam.
- ◆ Sa bhliain 2013 bhí ábhairín níos mó ná 2 mhiliún carta creidmheasa eisithe in Éirinn. I gcomparáid leis seo, bhí 2.38 milliún carta eisithe in 2008. Sa tréimhse céanna tháinig laghdú ar fhiacha ar chártaí creidmheasa ó €3.13m go €2.4m.
- ◆ Ba onnmhairithe táirgí ceimiceacha agus táirgí gaolmhara 58% d'iomlán na n-earraí onnmhairithe in 2013. Tháinig méadú 32% ar allmhairiú bia agus ainmhithe beo sa tréimhse ceithre bliana ó 2010-2013.
- ◆ Is idir uasmhéid €1,002.93 san earnáil Faisnéise agus cumarsáide agus íosmhéid €316.12 san earnáil Lóistín agus bia a bhí an meántuilleamh in aghaidh na seachtaine i gC4 2013.

### **Turasóireacht & Iompar**

- ◆ Chuaigh cónaitheoirí na hÉireann ar 6.6 milliún turas, nach mór, amach as an tír in 2013, 85% díobh go tíortha eile san AE. Is chun saoire a ghlacadh nó chun cuairt a thabhairt ar chairde agus ghaolta a chuathas ar fhoirmhór na dturas. 3.4 oíche meánfhad na saoirí baile a glacadh. Mhair cuairt ar chairde nó ghaolta ar feadh 2.5 oíche.
- ◆ Ceadúnaíodh 71,348 ngluaisteán nua sa bhliain go deireadh Nollag 2013. Laghdú 6.4% é seo i gcomparáid leis an tréimhse céanna in 2012.

### **Talmhaíocht**

- ◆ Ba é 4.5 milliún heicteár an méid talún iomlán a ndearnadh feirmeoireacht air in 2013. Ba bharra, torthaí agus gairneoireacht 8% den mhéid talún seo, ba shadhlas 24% de, féir 5%, féarach 52% agus féarach garbh 11% de.
- ◆ I mí Mheithimh 2013 bhí 6.9 milliún eallach, 5.1 milliún caora agus 1.6 milliún muc ann.
- ◆ Sa bhliain 1853 bhí 639,000 heicteár faoi choirce agus bhí 279,000 heicteár faoi phrátaí. Tá laghdú breis is 95% tagtha ar an dá cheann seo ó shin agus ní raibh ach 27,000 heicteár faoi choirce agus 11,000 heicteár faoi phrátaí in 2013.

Chun tuilleadh eolais a fháil:

Déan teagmháil le Ken Kennedy Guthán 021-4535036, facs 021-4535555, r-phost [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*6ú Samhain 2014*

**– CRÍOCH –**